

# Lá a Cúig | Ranganna Idirmheánacha

(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)



Seachtain Food Dudes

## Gníomhaíocht OSIE – Stair

Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal idirmheánach, lá 5. Nascann an acmhainn seo leis an gcuraclam Staire le haghaidh grúpaí ranga i Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair.

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

Rang a Dó:

OSIE > Stair > Mise agus mo mhuintir > Nuair a bhí mo sheanaitheacha/sheanmháithreacha óg

Rang a Trí agus Rang a Ceathair:

OSIE > Stair > Staidéir áitiúla > Féastaí agus féilte san am atá thart

### Teachtaireacht an Fhíseáin:

Céard is féidir liom ithe i rith an lae? Is féidir 7 sciar de thorthaí agus glasraí a chur le béilí difriúla go héasca

### Na Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste i Rang a Dó...

- ✓ Gnéithe de shaol daoine a bhí beo nuair a bhí a s(h)eanaitheacha/s(h)eanmháithreacha óg a fhiosrú agus a thaifeadadh
- ✓ Éisteacht le daoine fásta ag cur síos ar an saol atá caite acu féin
- ✓ Fianaise shimplí a bhailiú ar scoil nó i músaem áitiúil nó í a scrúdú
- ✓ Saol daoine san am atá thart a chur i gcomparáid le saol daoine sa lá atá inniu ann, ag déanamh nóta de na cosúlachtaí agus de na héagsúlachtaí

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste i Rang a Trí agus Rang a Ceathair...

- ✓ Eolas a chur ar an mbunús agus ar na traidisiúin a bhaineann le roinnt féilte coitianta in Éirinn agus i dtíortha eile
  - ✓ féilte áitiúla
  - ✓ féilte áitiúla a chomórann baill éagsúla den scoil agus den phobal áitiúil, féilte Críostaí, Hiondúcha, Giúdacha, Moslamacha agus eile san áireamh de réir mar a bhíonn feiliúnach
- ✓ Searmanais, scéalta, finscéalta, filíocht, ceol, damhsaí agus cluichí a bhaineann leis na féilte sin a iniúchadh, a phlé, agus a thaifeadadh



An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine



With financial support  
from the European Union

# Lá a Cúig | Ranganna Idirmheánacha

(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)



Seachtain Food Dudes

## Treoirínte don Mhúinteoir:

Is féidir an ghníomhaíocht seo a roinnt agus a mhúineadh mar cheithre cheacht:

- ✓ **Ceacht 1 – Agallamh ar an Teaghlach**
- ✓ **Ceacht 2 – Oíche Shamhna**
- ✓ **Ceacht 3 – Féilte Eile**
- ✓ **Ceacht 4 – Taispeáin is Inis**

Sa Ghníomhaíocht do Rang a Dó, beidh ar na daltaí cuid dá muintir a chur faoi agallamh agus mar sin ba cheart é a thabhairt mar obair baile, sula gcuireann siad a scéalta i láthair don rang ar fad agus gné 'taispeáin is inis' mar chuid de.

Má chónaíonn seantuismitheoirí nó sin-seantuismitheoirí na ndaltaí i bhfad uathu, is féidir iarraidh orthu an ghníomhaíocht a dhéanamh ar an bhfón nó ar fhísghlao. Is féidir an bhileog oibre a chur i gcló.

I gcás na Gníomhaíochta do Rang a Trí agus Rang a Ceathair, teastóidh ciclipéid/leabhair/an t-idirlíon ó na daltaí. Más gá, is féidir tabhairt faoi mar ghníomhaíocht ghrúpa iomláin leis an gclár bán.



An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine



With financial support  
from the European Union

# Lá a Cúig | Ranganna Idirmheánacha

(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)



Seachtain Food Dudes

## Gníomhaíocht do Rang a Dó: Bileog Oibre

### Agallamh ar mo Theaghlach

M'ainm: \_\_\_\_\_

Is é an bia is fearr leo anois: \_\_\_\_\_

Tá siad \_\_\_\_\_ bliain d'aois.

Cónaíonn siad in: \_\_\_\_\_

Rugadh agus tógadh iad in: \_\_\_\_\_

Bhí \_\_\_\_\_ deartháireacha agus \_\_\_\_\_ deirfiúracha acu.

Is é an t-ainm a bhí ar a dtuismitheoirí siúd: \_\_\_\_\_

D'oibrigh a dtuismitheoirí mar: \_\_\_\_\_

Is é an t-ainm atá mo thuismitheoir / mo chaomhnóir / mo sheantuismitheoir / mo shin-seantuismitheoir (cuir ciorcal timpeall ar an gceann ábhartha): \_\_\_\_\_

Cé na cluichí a d'imrídís? \_\_\_\_\_

Cén chaoi a mbíodh an scoil? \_\_\_\_\_

Roinnt de na rudaí a d'ithidís agus iad óg: \_\_\_\_\_

Is é an bia is fearr leo anois: \_\_\_\_\_

Déan cur síos ar theach do thuismitheora / do sheantuismitheora / do shin-seantuismitheora nuair a bhídís

níos óige: \_\_\_\_\_



An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine



With financial support  
from the European Union

# Lá a Cúig | Ranganna Idirmheánacha

(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)



Seachtain Food Dudes

An mbíodh aon pheataí nó ainmhithe ag do thuismitheoir / do sheantuismitheoir / do shin-seantuismitheoir?

---

---

---

---

Cé na difríochtaí atá idir óige do thuismitheora / do sheantuismitheora / do shin-seantuismitheora agus d'óige féin?

---

---

Cé na cosúlachtaí atá eatarthu? \_\_\_\_\_

arr ar do thuismitheoir / do sheantuismitheoir / do shin-seantuismitheoir an féidir leat rud éigin a bhaineann lena scéal féin a thabhairt ar scoil don ghníomhaíocht "taispeáin is inis" leis an rang. D'fhéadfaí grianghraf, nuachtán, leabhar, ball éadaigh, saothar ceoil, amhrán, damhsa, cluiche, earra tí, uirlis, nó rud éigin eile, a úsáid.

Céard í do mhír "taispeáin is inis"? \_\_\_\_\_

---

---

---

---

Cad é scéal na míre sin? \_\_\_\_\_

---

---

---

---

---

---

Cén fáth a bhfuil sí tábhachtach? \_\_\_\_\_

---



An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine



With financial support  
from the European Union

# Lá a Cúig | Ranganna Idirmheánacha

(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)



Seachtain Food Dudes

## Gníomhaíocht do Rang a Trí agus Rang a Ceathair:

**Féilte in Éirinn agus Ar Fud na Cruinne Déantar ceiliúradh gach bliain ar laethanta speisialta ar a dtugtar féilte i dtíortha ar fud na cruinne.**

An raibh a fhios agat gurb as Éirinn a tháinig Oíche Shamhna ó thús? Ceiliúrtar anois í ar an 31 Deireadh Fómhair, ach dhéanadh Oíche Shamhna comóradh go traidisiúnta ar dheireadh séasúir amháin, agus tús séasúir eile.

Bain leas as leabhair nó an t-idirlíon, agus aimsigh deich bhfíric faoi stair Oíche Shamhna, agus scríobh mar liosta anseo thíos iad. Ba cheart gnéithe de sheantraidisiún na hÉireann, nó béaloideas, a chur ar an liosta.

Nasc chuig fíricí faoi Oíche Shamhna: <https://www.duchas.ie/download/15.10.23-oiche-shamhna.pdf>



An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine



With financial support  
from the European Union

# Lá a Cúig | Ranganna Idirmheánacha


(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)



Seachtain Food Dudes

## Gníomhaíocht do Rang a Trí agus Rang a Ceathair:

1. \_\_\_\_\_
2. \_\_\_\_\_
3. \_\_\_\_\_
4. \_\_\_\_\_
5. \_\_\_\_\_
6. \_\_\_\_\_
7. \_\_\_\_\_
8. \_\_\_\_\_
9. \_\_\_\_\_
10. \_\_\_\_\_



Cén saghas bia traidisiúnta a itear Oíche Shamhna? \_\_\_\_\_

Aimsigh grianghraf d'Oíche Shamhna fadó. Bunaithe ar an méid a d'fhoghlaim tú, an féidir leat cur síos a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú sa ghrianghraf sin agus cén fáth? \_\_\_\_\_



An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine



With financial support  
from the European Union

# Lá a Cúig | Ranganna Idirmheánacha

(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)



Seachtain Food Dudes

## Tarraing do phictiúr féin d'Oíche Shamhna:

A large, empty rectangular box with a thin green border, intended for a drawing or illustration related to Halloween.

An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine



With financial support  
from the European Union

# Lá a Cúig | Ranganna Idirmheánacha

(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)



Seachtain Food Dudes

## Obair Baile:

Anois gur fhoghlaim tú faoin stair a bhaineann le Féile Thraidisiúnta de chuid na hÉireann, roghnaigh féile ón liosta thíos agus déan taighde uirthi. Má dhéanann do theaghlach féin comóradh ar fhéile nach bhfuil ar an liosta sin, is féidir leat do thionscadal taighde a dhéanamh ar an bhféile sin agus í a phlé le do chomhscoláirí.

- ✓ Ramadan agus Eid
- ✓ Féach ar an bhfíseán úsáideach seo as TG4: <https://youtu.be/6OF4HEGNBRQ>
- ✓ Holi
- ✓ Díbheálaí
- ✓ Cáisc na nGiúdach
- ✓ Bliain Ghealaí Úr
- ✓ Carnabhal na Brasaíle
- ✓ Bodhi
- ✓ Ramadan agus Eid



An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine



With financial support  
from the European Union



# Lá a Cúig | Ranganna Idirmheánacha

(Rang a Dó, Rang a Trí agus Rang a Ceathair)



Seachtain Food Dudes

## Bileog Fíricí na Féile

Ainm na Féile: \_\_\_\_\_

An tráth a mbíonn sí ar bun: \_\_\_\_\_

Roinnt tíortha ina gceiliúrtar í go traidisiúnta: \_\_\_\_\_

Stair na féile seo: \_\_\_\_\_

An méid a tharlaíonn le linn na féile seo: \_\_\_\_\_

Bia traidisiúnta a itear lena linn: \_\_\_\_\_

Gníomhaíochtaí traidisiúnta, ina measc amhráin, damhsaí, etc.: \_\_\_\_\_

Fíric amháin eile faoin bhféile seo: \_\_\_\_\_



An Roinn Talmhaíochta,  
Bia agus Mara  
Department of Agriculture,  
Food and the Marine



With financial support  
from the European Union